Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2017 (OR. fr)**

**9966/1/17 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2015/0134 (COD)**

**CODEC 978**
**VISA 213**
**COMIX 413**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 24 Meitheamh 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar phointe a) de mhír 2 d'Airteagal 77 CFAE[2][3], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 1 Meitheamh 2017. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 10314/15.
[2] I gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[3] I gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
[4] 9878/17.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 20/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.